

Turasóireacht in Éirinn





Tagann a lán turasóirí go hÉirinn gach bliain.

Thug breis is 7 milliún turasóir ó thíortha thar lear cuairt ar Éirinn sa bhliain 2014.

Céard a mheallann turasóirí go hÉirinn, meas tú?

Smaoinigh ar na gnéithe seo a leanas:

Séadchomharthaí
stairiúla

Imeachtaí
cultúrtha

Gníomhaíochtaí
amuigh faoin
aer



Soláthar maith
seirbhísí

Radhairc
tíre áille

Daoine cairdiúla




Tá radhairc áille in Éirinn.
Tá aibhneacha, lochanna
agus sléibhte inti. Tagann
go leor turasóirí chun
na radhairc sin a fheiceáil.

Is maith le turasóirí dul
ag cnocadóireacht
sna sléibhte in Éirinn.





Meallann ceantair cois cósta turasóirí go hÉirinn. Tagann siad chun na tránna, na hailte, na bána agus na cinn tíre a fheiceáil.



Bealach tiomána ar feadh chósta thiar na hÉireann is ea ‘Slí an Atlantaigh Fhiáin’. Leanann sé an cósta isteach agus amach ó Co. Dhún na nGall go Co. Chorcaí.

Clliceáil an nasc seo thíos chun radhairc áille an chósta a fheiceáil.

<http://www.discoverireland.ie/Wild-Atlantic-Way/Wild-Atlantic-Way-Videos>



Dolmain



Mainistir



Cuireann turasóirí spéis
sna séadchomharthaí stairiúla
atá le feiceáil ar fud na tíre.

Caisleán



Sí an Bhrú



**Sceilg
Mhichíl**



Is iomaí rud is féidir le turasóirí a dhéanamh
mar chaitheamh aimsire in Éirinn.





Téann daoine
ag iascaireacht
ar aibhneacha agus
ar lochanna.



Tagann turasóirí
chun surfáil agus chun
clársheoltóireacht
a dhéanamh.



Is maith le
turasóirí dul ag
marcaíocht ar
chapaill.



Téann daoine ag cadhcáil agus
ag bádóireacht ar na haibhneacha
agus ar an bhfarraige.

Tá cúrsaí gailf
den scoth sa tír.





Dánlann

Cuireann turasóirí spéis in imeachtaí cultúrtha agus iad in Éirinn. Tugann siad cuairt ar na hiarsmalanna, na dánlanna agus na hamharclanna. Téann siad chun na Gaeltachta chun Gaeilge a fhoghlaim.



Ceol na hÉireann



Amharclann



Ard-Mhúsaem na hÉireann

Is as an tír seo
do mo shinsir.



Ceapaimse
go bhfuil muintir
na hÉireann
an-chairdiúil.



An féidir leat smaoineamh ar aon chúis
eile atá ag turasóirí ó thíortha thar lear
le teacht go hÉirinn?

Is eisimirceach mise.
Tagaimse chun
mo chuid gaolta
a fheiceáil.





Tugtar tionscal ar réimse gnó a chuireann táirgí nó seirbhísí ar fáil. Cuirtear seirbhísí ar fáil le freastal ar an turasóireacht. Mar sin, is tionscal seirbhíse é tionscal na turasóireachta.

Is é 'Fáilte Éireann' Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta na hÉireann.

Cinntíonn Fáilte Éireann go mbíonn na seirbhísí a chuirtear ar fáil do thurasóirí ar ardchaighdeán. Cuireann sé Éire chun cinn ar fud an domhain mar áit saoire.

Cén sórt seirbhísí a chuirtear ar fáil do thurasóirí?



I measc na ndreamanna a chuireann seirbhísí ar fáil do thurasóirí tá óstáin, siopaí, bialanna, eagraíochtaí spóirt, comhlachtaí iompair agus eagraíochtaí siamsa. Déanann na gnóthaí sin a lán airgid ar an turasóireacht.





Freastalaithe



Tiománaithe



Treoraithe turais

Cuireann tionscal na turasóireachta
fostaíocht ar fáil.



Foireann Óstáin



Píolótaí



Potaireacht

Cruthaíonn an turasóireacht margadh d'earraí a dhéantar in Éirinn, go háirithe earraí láimhe traidisiúnta.



Caoladóireacht



Seodóireacht



Cniotáil



Bíonn áiteanna
róphlódaithe
sa samhradh
mar gheall ar an
turasóireacht.

Tógtar a lán
óstán agus droch-
chuma ar chuid
acu. Milleann siad
an radharc tíre.



Céard iad na míbhuntáistí a bhaineann
leis an turasóireacht, meas tú?

Déanann an líon mór
turasóirí damáiste
do shéadchomharthaí
stairiúla.

Cad a
cheapann
tusa?



Cluiche Meaitseála

<http://www.oswego.org/ocsd-web/match/term/matchgeneric2.asp?filename=MniGhallturasoireacht>

Staitisticí faoin turasóireacht in Éirinn:

www.failteireland.ie/Failtelreland/media/WebsiteStructure/Documents/3_Research_Insights/3_General_SurveysReports/Tourism-facts-2014.pdf?ext=.pdf

Cliceáil anseo chun féachaint ar fhíseán turasóireachta de chuid Fháilte Éireann:

<https://www.youtube.com/watch?v=kSIWK6zaMzg>

Tuilleadh eolais:

<http://www.askaboutireland.ie/learning-zone/primary-students/5th-+-6th-class/geography/geography-full-story/visit-ireland/>

Gabhaimid buíochas leis na daoine agus leis na heagraíochtaí a leanas a chuir íomhánna ar fáil do na sleamhnáin seo:

Christine Warner

Caitlín & Ciarán / Reels and Jigs

CHENGDU - JAN 22: Folk dance show "Riverdance" from Ireland at Sichuan coliseum Jan 22, 2010 in Chengdu, China. Jack.Q / Shutterstock.com

DUBLIN, IRELAND - JULY 12, 2016: Interior of the National Museum of Ireland, established on the 14th August 1877. Anton_Ivanov / Shutterstock,

ST. PETERSBURG - JUNE 30, 2011: A group of unidentified tourists have a guided tour in the Hermitage, the biggest in Russia. To see all the displays one should walk 20 kilometers. withGod / Shutterstock.com

Íomhánna eile: Shutterstock

Rinneadh gach iarracht teacht ar úinéir an chóipchirt i gcás na n-íomhánna atá ar na sleamhnáin seo. Má rinneadh faillí ar aon bhealach ó thaobh cóipchirt de ba cheart d'úinéir an chóipchirt teagmháil a dhéanamh leis na foilsitheoirí. Beidh na foilsitheoirí lántoilteanach socruithe cuí a dhéanamh leis.

© Foras na Gaeilge, 2016

An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

